# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a' Mhíl

# Nollaig 2018

## Fáilte!!



Fáilte roimh na gasúir nua a thosaigh i Naíonan Bheaga: Oisín, Liam, Fionn, David, Pádraic, Olivia agus Daniel. Fáilte ar ais roimh Múinteoir Ailbhe Ní Mhaileoin atá ag obair mar mhúinteoir Gaeilge sa scoil i mbliana.

## Cruinniú Tús na Bliana 4/9/18

Bhí cruinniú againn sa scoil chun na múinteoirí ar fad a chur aithne do phobal na scoile go mór mhór na tuismitheoirí nua. Labhair muid faoi chúrsaí Ghaeilge, tacaíocht foghlama, scrúduithe, an rang speisialta, Coiste na dTuismitheoirí, obair bhaile, comóradh 50 bliain agus féilire na scoile srl. Oíche an-tabhachtach a bhí ann agus go raibh míle maith agaibh a thuismitheoirí as ucht theacht amach ar an oíche.

## Cuairteoirí Speisialta!! 5/9/18

Thug 4 chupáin speisialta cuairt ar an scoil! An Sam Maguire, An Liam Mc Carthy, An Brendan Martin agus an cupán Rugbaí, Pro 14. Bhí an t-ádh linn mar bhí siad uilig ar an mbealach chuig lainseáil a bhí ar siúl ag TG4 i nGaillimh!!



## Tras Tíre 25/9/18

Ghlac Rang 3- Rang 6 páirt sa gcomórtas tras tíre idir bunscoileanna na Gaillimhe a bhí ar siúl ar an Rinn Mhór. Bhí siad ag caitheamh na singlets nua atá againn!

Tá muid fíor bhuíoch as ucht an urraíochta a thug Connemara Granite le haghaidh na singlets agus éadaí spóirt eile. Mar is gnáth, rinneadar an-iarracht agus bhí an-lá acu!



**Lá Mata 17/10/18**

Ghlac muid páirt i Seachtain na Mata arís i mbliana agus bhí Lá Mata againn ar an 17/10/18. Bhí muid ag déanamh go leor gníomhaíochtaí difriúla ar nós cluichí mata, rásaí táblaí, tangrams, ag cur umhireacha in ord, cluiche ionadluacha, rásái roinnt is go leor cluichí eile. Thaitin an lá go mór leo!




**Gasúir ina bhfuil buanna bainte amach acu**



Tháinig Alex sa dara háit i gcomórtas Judo a bhí ar siúl i nGaillimh. Agus rinne Chaela an 5K 'Night Run' ar maithe le Croí.



Tháinig Donnacha sa triú háit i gcomórtas ealaíne 'Cumhacht Nadúir' a bhi ag an gComhar Creidhmheasa. Fuair sé teastas agus €20!!! . Fair plé daoibh ar fad!



**Lá Clainne 21/10/18**

Bhí Lá Clainne againn i Halla Ros a' Mhíl arís i mbliana. Bhí cluichí Oíche Shamhna ann, maisiúchán cácaí beaga, picnic na dteidí, comórtas dearadh puimcín, díolachán cácaí, raifil, péinteáil aghaidheanna agus go leor gníomhaíochtaí eile! Bhí an-lá ann!




**Oíche Shamhna 25/10/18**



Bhain na gasúir an-sult as agus iad ag gléasadh suas d' Oíche Shamhna! Bhí seó faisean againn agus cóisir mhór!

**Raifil na Nollag**




Buaiteoirí :

Dara Ó Céide, Cormac Ó Conaola, Olivia Ní Choisdealbha, Máirín Ní Fhátharta, Margaret Folan agus Gearóid Ó Cualáin.

**Dráma na Nollag 13/12/18**



Bhí Dráma na Nollag againn sa Séipéal tar éis athchóiriú iontach a bheith déanta air. Bhí sé ag breathnú go hálainn. Bhí lá agus oíche an-speisialta againn agus bhí na gasúir go hiontach. Bhí Raidió Na Gaeltachta ann ar an oíche á thaifead agus beidh an ceolchoirm á chraoladh ar Lá Nollag ag a 7-9in. Bhí muid an-bhródúil as na gasúir uilig!!

**Tóraíocht an Yummy Mummy 14/12/18**



Chuaigh an scoil uile chuig an ngeamaireacht 'Tóraíocht an Yummy Mummy' a bhí ar siúl sa Taibhdhearc i nGaillimh. Bhí an-lá ag na gasúir!

**Maidin Caifé agus Carúil na Nollag 19/12/18**

Bhí Maidin Caifé againn sa scoil agus Carúil na Nollag ar son 'First Steps Rehabilitation Centre' i Luimneach do Sheán Breathnach Mac Donnacha. Bhailigh muid os cionn €300! Go raibh míle maith agaibh!



**Stáisiúin na Nollag le Naíonra Ros a' Mhíl 20/12/18**

Tháinig na gasúir ar fad ó Naíonra Ros a' Mhíl ar cuairt chuig na scoile le stáisiúin na Nollag a dhéanamh linn arís i mbliana chun a gcairde a fheiceáil. Rinne muid cluichí Nollag, maisiúchain na Nollag, Cártaí Nollag, Cluiche Srón ar Rudolf, Bia do na Réinfhia agus ansin bhí seacláid te agus brioscaí againn!!! Thaitin sé go mór le na gasúir!








*Ag guí beannachtaí na Nollag oraibh ar fad.*

*Foireann na Scoile*

Ath oscailt Luan 7/1/19